
An Roinn Iompair
Department of Transport

zevi
Zero Emission
Vehicles Ireland

# Achoimre Feidhmiúcháin ar an Straitéis maidir le Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha, 2022-2025



# Achoimre Feidhmiúcháin

**Tá Éire tiomanta go daingean dá spriocanna aeráide a bhaint amach. Cuid lárnach den phróiseas sin is ea dícharbónú an iompair, lena n-áirítear aistriú ar scála mór chuig feithiclí leictreacha.**

Bíodh sin mar atá, chun go dtarlóidh athrú den sórt sin, ní mór bonneagar leordhóthanach luchtaithe a bheith ann do na feithiclí leictreacha. Caithfidh an bonneagar náisiúnta d'fheithiclí leictreacha a bheith in ann i bhfad níos mó a dhéanamh ná freastal ar an éileamh atá ann cheana. Caithfidh sé a bheith ag súil leis na riachtanais a bheidh ann amach anseo agus teacht rompu. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh pointí luchtaithe iomchuí ar fáil do chách, i ngach cuid den tír. Cuirfear úsáideoirí cairr ar a suaimhneas dá bharr sin go bhfuil an fhéidearthacht ann aistriú chuig feithicil leictreach, rud a chuirfidh ar ár gcumas ár spriocanna náisiúnta laghdaithe carbóin a bhaint amach.

Tá rialtais láir agus áitiúla ar fud an domhain tar éis tosú ar bhonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a chur ar fáil. Tá níos mó i gceist leis sin ná athrú ar an gcaoi a ndéantar feithiclí a athbhreoslú. Is é fírinne an scéil go mbeidh ar an Rialtas agus ar na páirtithe leasmhara go léir an cur chuige a athrú ó bhonn leis an acmhainn luchtaithe a mhéadú ar fud na tíre. Ba é bunú oifig Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI) in 2022 an chéad chéim ar an aistear i dtreo an athraithe sin. Oibreoidh ZEVI as lámha a chéile le gach earnáil den tionscal le tacú léi an t-athrú mór seo a dhéanamh.

Leagtar amach sa *Straitéis maidir le Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha, 2022-2025* an uaillmhian agus an straitéis maidir le líonra náisiúnta luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar, agus na céimeanna praiticiúla a ghlacfar leis an líonra sin a chur ar fáil ar fud na tíre.

## Freastal ar Úsáideoirí Feithiclí Leictreacha - Pearsana agus Turais Úsáideora

I gcomhthéacs níos leithne dhícharbónú an iompair, ba cheart breathnú i gcónaí ar roghanna eile amhail siúl na gcos, rothaíocht agus iompar poiblí sula ndéantar cinneadh dul sa charr. Mar sin féin, nuair a bhíonn gá leis, is éard is cuspóir deiridh le gach píosa bonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha ná freastal ar úsáideoirí feithiclí leictreacha. Is iomaí riachtanas a bhíonn ag na húsáideoirí seo agus dúshláin le sárú chomh maith, agus caithfear gach ceann acu sin a mheas agus a chur san áireamh agus an bonneagar á chur ar fáil ar fud na tíre. Úsáideann roinnt tiománaithe a gcarr le haghaidh oibre, roinnt eile le haghaidh áineasa. Úsáideann cuid acu an carr le nascadh le hiompar poiblí, roinnt eile le haghaidh turais fhada chomaitéireachta, agus roinnt eile fós le haghaidh turais ghearra timpeall a mbaile áitiúil.

Dírítear sa straitéis ar 7 bpríomhghrúpa úsáideoirí a bhfuil a riachtanais uathúla féin acu. Chuige sin, breathnaítear ar thuras daoine éagsúla ó na céimeanna pleanála go dtí go mbeidh siad tagtha abhaile, agus tugtar léargas ar na hathruithe praiticiúla a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an mbonneagar d'fhonn an saol a dhéanamh níos éasca dóibh.



*Seo a leanas na pearsana (agus a dturais):*

## Caroline, an Comhroinnteoir Carranna

Nuair a fhaigheann Caroline feithicil leictreach ar cíos ó aip comhroinnte carranna ag an deireadh seachtaine, is mian léi a chinntiú go bhfuil an carr luchtaithe go hiomlán nó go bhfuil áiseanna luchtaithe mear ar an mbealach nó ag a ceann scríbe.





## Tara, an Tiománaí Tacsaí

Agus Tara ag obair mar thiománaí tacsaí in Iarthar Chorcaí, is mian léi a bheith cinnte go bhfuil a tacsaí luchtaithe go hiomlán i gcónaí. Níor mhaith léi go mbeadh uirthi táillí féideartha a dhiúltú cheal raon leordhóthanach ag a carr.

## Ruairí, an Comaitéir Tuaithe

Nuair a bhíonn Ruairí ag taisteal chun na hoibre, is mian leis a bheith muiníneach go mbeidh dóthain luchtaithe aige chun an t-achar fada a thiomáint ann agus ar ais go compordach. Is mian leis a bheith in ann a iníon a thabhairt chuig traenáil camógaíochta nuair a thagann sé abhaile freisin.






## Anna, an Cónaitheoir Árasáin

Nuair a bhíonn Anna ag iarraidh a carr a luchtú ina bloc árasán, is mian léi rochtain a bheith aici ar luchtaire atá ar fáil (nó fios a bheith aici cathain a bheidh siad ar fáil go héasca). Níor mhaith léi a bheith buartha faoi luchtaire a úsáid ar feadh tréimhse rófhada nó a bheith i scuaine fhada le haghaidh luchtaire atá ar fáil.

## Mike, an Tiománaí Feithicle Earraí Troma

Nuair a bhíonn Mike ag tiomáint timpeall na tíre ina fheithicil earraí troma, caithfidh sé a bheith in ann a chealllra a luchtú beagán ar an mbealach. Caithfidh sé seo a bheith in áit shábháilte ionas gur féidir léi scíth a ligean fad is atá an fheithicil earraí troma á luchtú.





## Rachel, an Cónaitheoir Uirbeach ar Scor

Nuair atá Rachel ag luchtú a cairr le linn taistil, is mian léi a bheith in ann a sheiceáil roimh ré go mbeidh rochtain aici ar an luchtaire. Tá soghluaisteacht theoranta ag Rachel, mar sin is mian léi a fháil amach go mbeidh an luchtaire a roghnaigh sí oiriúnach dá riachtanais.

## Muintir Jackson, Teaghlach Turasóireachta

Nuair a thaistealaíonn muintir Jackson in Éirinn, is mian leo eispéireas saoráideach le feithiclí leictreacha a bheith acu. Is mian leo a bheith in ann feithicil leictreach a fháil ar cíos agus áiseanna luchtaithe a bheith ar fáil ag gach ceann dá gcuid ceann scríbe (lena n-áirítear cinn iargúlta). Níor mhaith leo a bheith buartha faoi bheith sáinnithe nó dul ar strae ar a saoire in Éirinn.



Cuirfidh na pearsana bonn eolais faoi dhearadh agus forbairt scéimeanna amach anseo, chomh maith le rolladh amach an líonra luchtaithe. Níl iontu seo a leanas ach roinnt samplaí. Breithneofar ar go leor grúpaí agus riachtanais eile mar chuid de chéimeanna cur chun feidhme na straitéise. Cinnteofar leis sin go mbeidh rochtain éasca ar an mbonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha agus go mbeidh sé éasca le húsáid.

## Comhthéacs Beartais

Tá raon beartais agus gníomhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta curtha san áireamh sa straitéis. Ina measc siúd tá:

- **An Plean Gnímh don Aeráid:** Leagtar amach na gníomhartha atá le déanamh ag an tír le laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach faoin mbliain 2030
- **'Oiriúnach do 55' ón Aontas Eorpach:** Rud arb aidhm leis astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas Eorpach a laghdú 55% ar a laghad faoi 2030
- **An Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR):** Leagtar síos critéir choiteanna maidir le scála fheidhmiú céimneach na bpointí luchtaithe, chomh maith le sonraíochtaí teicniúla agus ceanglais theicniúla (ar leibhéal an AE) a chinnteoidh go mbeidh siad éasca le húsáid.
- **An Treoir maidir le Fuinneamh In-Athnuaite:** An creat dlíthiúil chun fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt thar gach earnáil de gheilleagar an AE
- **An Plean Forbartha Náisiúnta:** Áirítear leis an sprioc go mbeadh beagnach aon mhilliún feithicil leictreach ar an mbóthar faoi 2030, mar aon le bonneagar breise luchtaithe le freastal ar an bhfás
- **An Beartais Náisiúnta maidir le Soghluaisteacht Inbhuanaithe:** Leagtar amach creat straitéiseach go dtí 2030 maidir le taisteal gníomhach agus iompar poiblí (rud a thacaíonn leis na spriocanna laghdaithe astaíochtaí carbóin a leagtar amach sa Phlean Gnímh don Aeráid)
- **Ceannaireacht Earnála Poiblí:** Rud arb aidhm leis ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla le spriocanna ó thaobh feithiclí leictreacha de a bhaint amach
- An Tionscnamh um Oileán Comhroinnte: Forbraítear pleananna i gcomhair an bonneagar luchtaithe a ailíniú ar an dá thaobh den teorainn

## Bunphrionsabail

Tá sraith príomhphrionsabal mar bhonn agus mar thaca ag an straitéis seo, prionsabail ar dá réir a gcuirfear líonra luchtaithe inrochtana atá éasca le húsáid ar fáil ar bhealach a bheidh ag teacht le beartais agus spriocanna foriomlána an rialtais.



## Éileamh ar an Líonra Leictreachais

Ní haon ionadh go mbeidh tionchar ag borradh in úsáid feithiclí leictreacha ar líonra leictreachais na tíre. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar luchtú feithiclí leictreacha ar bhealach cliste leis an éileamh ar an líonra leictreachais a bhainistiú.

Mar gheall ar líon mór na dtithe in Éirinn a bhfuil áiseanna páirceála príobháideacha acu, chomh maith leis an gcaoi a bhfuil raon na bhfeithiclí leictreacha nua ag dul i méid, táthar ag súil go leanfaidh an luchtú baile de bheith ar an modh luchtaithe is coitianta in Éirinn. Tá scéim deontais i bhfeidhm cheanna féin le tacú leis an gcineál luchtaithe sin.

Le cos a choinneáil leis an leibhéal fáis a bhfuiltear ag súil leis ar fheithiclí leictreacha in Éirinn, tiocfaidh méadú suntasach ar líon na bpointí luchtaithe poiblí (thart ar 1,700 faoi láthair) agus ar an gcumhacht luchtaithe a bheidh ar fáil le haghaidh luchtú na bhfeithiclí leictreacha faoin mbliain 2025. Mar shampla, meastar go mbeidh líon na bpointí luchtaithe ardchumhachta méadaithe faoi thrí faoin tráth sin.

Tá réimse staidéar, pleananna agus clár tionscanta ag ESB Networks d'fhonn dul i ngleic leis an ualach breise ar an eangach áitiúil leictreachais (an líonra ísealvoltais). Beidh ról lárnach ag an teicneolaíocht chliste sa saothar le freastal ar na riachtanais fuinnimh.

Beidh comhoibriú idir an Roinn Iompair, oifig Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI), ESB Networks (ESBN), EirGrid, an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU), an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), Bonneagar Iompair Éireann (TII), soláthraithe fuinnimh, oibreoirí pointe luchtaithe agus oibreoirí garáiste ríthábhachtach chun freastal ar an éileamh fuinnimh seo.

## Teicneolaíochtaí atá ann cheana agus atá le teacht

Caithfear smaoineamh agus pleanáil chúramach a dhéanamh  leis na cineálacha éagsúla pointí luchtaithe agus na láithreacha a roghnú ar fud na tíre.

Tá réimse cás-staidéar ó gach cearn den Eoraip sa straitéis. Breathnaítear i ngach ceann acu ar an gcaoi ar úsáideadh teicneolaíochtaí nuálacha le haghaidh a thabhairt ar riachtanais luchtaithe saoránach ar bhealach cuí agus logánaithe. Is tasc leanúnach é coinneáil suas le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus a mheas cén chaoi a bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na hÉireann. Déanfar teicneolaíochtaí éagsúla agus roghanna luchtaithe a phíolótú in Éirinn le bonn eolais a chur faoi fheidhmiú céimneach agus seachadadh na straitéise.

## Bonneagar a Sholáthar

I láthair na huaire, is sa bhaile a dhéantar an chuid is mó de luchtú feithiclí leictreacha (thart ar 80%), agus is measartha dea-bhunaithe in Éirinn atá an rochtain ar bhonneagar luchtaithe baile agus suiteáil an bhonneagair sin. Tá bearna níos suntasaí ann i ndáil le bonneagar luchtaithe a bhfuil rochtain ag an bpobal air. Tiocfaidh méadú ar an éileamh ar an mbonneagar sin de réir mar a mhéadófar an glacadh le feithiclí leictreacha in Éirinn.


Tá an straitéis dírithe ar bhonneagar luchtaithe poiblí a sholáthar do charranna leictreacha agus d'fheithiclí saothair éadroim. Sainaithnítear inti ceithre phríomhchatagóir de bhonneagar luchtaithe. Freastalaíonn gach ceann díobh ar na riachtanais dhifriúla a bhíonn ag úsáideoirí, ag brath ar cén áit agus cén uair is gá do dhaoine a bhfeithiclí leictreacha a luchtú.




**Luchtú baile/árasáin** - *pas srutha ailtéarnaigh, luchtú seachbhuaice le spreagadh*





**Luchtú cónaithe/Comharsanachta** - *pas aonair srutha ailtéarnaigh, roghanna luchtaithe seachbhuaice a mhacasamhlú do dhaoine nach bhfuil rochtain acu ar phointe luchtaithe baile*



**Luchtú cinn scríbe** - *sruth ailtéarnach nó sruth díreach, ag brath ar an gcineál cinn scríbe*




**Luchtú mótarbhealaigh/faoi bhealach** - *luchtú ardchumhachta srutha dhírigh le haghaidh stadanna gearra nuair a theastaíonn luchtú tapa*



## Uaillmhian na Straitéise

Is é uaillmhian na straitéise ná an bonneagar a chur ar fáil a bheidh ag teastáil le freastal ar riachtanais na hÉireann ó thaobh luchtú de agus le teacht roimh na riachtanais sin, agus a bheith ar aon dul le Rialachán an AE maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha, leis. Socróidh AFIR an AE critéir cheangailteacha maidir leis an íosleibhéal cumhachta luchtaithe a chaithfear a bheith ar fáil i ngach ballstát.

Má ghlactar leis go gcomhlíonfaidh Éire a sprioc le 195,000 feithicil leictreach saothair éadroim a bheith ar an mbóthar faoi dheireadh 2025, beidh thart ar 169,000 kW de chumhacht luchtaithe ag teastáil ar fud na tíre faoin am sin. Is é uaillmhian na straitéise ná go mbainfear an sprioc sin amach agus go rachfar níos faide fós. Beidh cineálacha agus líon na bpointí luchtaithe a úsáidfear leis an gcumhacht sin a chur ar fáil bunaithe ar riachtanais na n-úsáideoirí. Seans go dtiocfadh méadú ó thart ar 1,700 i Meán Fómhair 2022 go dtí idir 2,540 agus 4,850 ar líon na bpointí luchtaithe faoin mbliain 2025. Léirítear sa tábla seo a leanas raon cásanna tosaigh maidir leis an gcaoi a bhféadfaí freastal ar an éileamh sin, rud a ndéanfar athbhreithniú mionsonraithe air in 2023:

| | Luchtú Cónaithe/ Comharsanachta<br>0-22 kW | Luchtú Cinn Scríbe/ faoi Bhealach<br>23 kW-350 kW | An Líon Iomlán Luchtairí Poiblí ar Fud na Tíre | Cumhacht Iomlán Luchtaithe ar Fud na Tíre |
|---|---|---|---|---|
| Atá ann | 1,349 | 374 | 1,723 | 67,237 kW |
| Cás 1 | 1,460 | 1,080 | 2,540 | 169,000 kW |
| Cás 2 | 1,650 | 1,300 | 2,950 | 169,000 kW |
| Cás 3 | 1,990 | 1,320 | 3,310 | 169,000 kW |
| Cás 4 | 2,660 | 1,180 | 3,840 | 169,000 kW |
| Cás 5 | 4,070 | 780 | 4,850 | 169,000 kW |



Chun úsáid fhorleathan feithiclí leictreacha agus bonneagair luchtaithe a spreagadh, ní mór go mbeadh fáil ag cách ar phointí luchtaithe. Ní mór go mbeidís éasca le húsáid freisin agus chuige sin beidh gnéithe amhail 'tapáil le híoc' ina gcaighdeán go luath. Ina theannta sin, fágfaidh idir-inoibritheacht an trealaimh luchtaithe go mbeidh an cur chuige céanna ann ar fud an oileáin ó thaobh luchtú feithiclí leictreacha de.

## Cur ar Fáil agus Cur Chun Feidhme na Straitéise

Ó foilsíodh an dréachtleagan den *Straitéis Bonneagair Luchtaithe Feithiclí Leictreacha, 2022-2025*, tá roinnt mhaith gníomhartha tosaigh déanta cheana. D'fhonn a chinntiú go leanfar leis an dul chun cinn sin, tá plean cur chun feidhme curtha i dtoll a chéile le dul leis an straitéis agus le mionsonraí a thabhairt faoin gcaoi a chuirfear chun feidhme í. Tugtar ainm ar chuspóirí agus spriocanna ar leith, chomh maith leis na húinéirí atá freagrach as gach ceann acu. Cé go leagtar amach sa straitéis na struchtúir agus na creataí fadtéarmacha le cur ar fáil an bhonneagair a chumasú go dtí 2030, dírítear go sonrach sa phlean cur chun feidhme tosaigh ar na blianta go dtí 2025. Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an bplean cur chun feidhme.

## Gníomhartha an Phlean Cur Chun Feidhme, 2023-2025

Is faoi cheithre réimse leathana a bheidh gníomhartha an Phlean Cur Chun Feidhme, a dhéanfar chun soláthar a bhrú chun cinn agus chun an fháil ar bhonneagar feithiclí leictreacha a spreagadh:

1. **An Plean maidir le Líonra Náisiúnta Luchtaithe Feithiclí Leictreacha:** Dírithe ar phlean a tháirgeadh maidir leis an éileamh ar bhonneagar náisiúnta luchtaithe feithiclí leictreacha agus ar mheasúnú gaolmhar a dhéanamh ar éileamh agus soláthar de réir ullmhacht na heangaí leictreachais chun freastal ar an éileamh réamh-mheasta idir 2023 agus 2025.
2. **Scéimeanna:** Tugann na gníomhartha seo mionsonraí ar gharspriocanna amach anseo a bhaineann le dul chun cinn na scéimeanna atá beartaithe chun tuilleadh bonneagar luchtaithe feithiclí leictreacha a sholáthar.
3. **Beartas agus Straitéis:** Áirítear leis seo nithe insoláthartha agus garspriocanna gaolmhara chun na beartais riachtanacha a sholáthar chun tacú le leathnú an bhonneagair luchtaithe feithiclí leictreacha. Déantar plé chomh maith le beartais a bhaineann le feithiclí leictreacha agus an t-aistriú chucu sin.
4. **Tuairisciú agus Cumarsáid:** Áirítear leis seo nithe insoláthartha agus garspriocanna gaolmhara a thacaíonn leis an tuairisciú agus leis an gcumarsáid nach mór a chur ar fáil don phobal, agus don Aontas Eorpach faoi rialacháin AFIR.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbeidh an príomhfhócas ar bhonneagar poiblí luchtaithe a sholáthar do charranna leictreacha agus d'fheithiclí saothair éadroim. De réir cheanglais an AE, forbróimid plean bonneagair luchtaithe d'fheithiclí tromshaothair de réir mar a thiocfaidh an teicneolaíocht chun aibíochta san earnáil áirithe sin.

## Comhpháirtíochtaí agus Comhoibriú

Beidh comhpháirtíochtaí agus comhoibriú idir páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha, acadóirí, soláthraithe fuinnimh agus rialtóirí fuinnimh ríthábhachtach maidir le cur chun feidhme na straitéise.

Chun na críche sin, tá roinnt struchtúir agus grúpaí tábhachtacha curtha ar bun. Tabharfaidh siad sin ionadaithe iomchuí le chéile le díriú ar dhúshláin agus ar chúraimí ar leith.

Chuir an Rialtas oifig Feithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI) ar bun le déanaí le tacú le forbairt agus rolladh amach an bhonneagair luchtaithe phoiblí. Mar chuid dá gcuid oibre, déanfaidh ZEVI na páirtithe eile a chomhordú agus a thionól le chéile.

## Dúshláin agus Rioscaí maidir le Cur Chun Feidhme na Straitéise

Toisc a uaillmhianaí atá an straitéis, beidh sé dúshlánach í a chur chun feidhme. Ní mór saineolas agus acmhainní a chur ar fáil ag leibhéil náisiúnta agus áitiúla an Rialtais chun a chinntiú go n-éireoidh go geal le cur chun feidhme agus rolladh amach na straitéise.

In éineacht leis na dúshláin sin, baineann réimse rioscaí féideartha le cur chun feidhme na straitéise. I measc na gceann sin atá aitheanta cheana tá:

- Easpa acmhainne ar an eangach
- Gan bheith in ann teacht ar láithreáin ag suíomhanna atá oiriúnach le haghaidh pointí luchtaithe
- Easpa acmhainní a bheith ar fáil ag ZEVI agus ag páirtithe leasmhara eile
- Maoiniú neamh-imleor ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha

Bíodh sin mar atá, tá gach iarracht á déanamh leis na rioscaí sin a mhaolú agus le bheith réidh d'aon fhadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Táthar ag breathnú ar ghrúpaí oibre, ar an bPlean maidir le Líonra Náisiúnta Luchtaithe Feithiclí Leictreacha, ar mhaoiniú agus ar infheistíocht a dhéanamh in acmhainn na heangaí mar bhealaí lena chinntiú go n-éireoidh linn aidhmeanna na straitéise a bhaint amach ar an gcaoi is fearr is féidir.

## Súil chun cinn

Is é sprioc deiridh na straitéise ná go mbeidh daoine aonair muiníneach a ndóthain le hathrú chuig feithicil leictreach.

Cuirfidh sí an bonneagar ar fáil a bheidh ag teastáil uathu leis an bhfeithicil leictreach a dhéanamh ina cuid nádúrtha dá saol, is cuma cá bhfuil cónaí orthu sa tír. Beidh sé éasca teacht ar an mbonneagar sin agus beidh sé éasca le húsáid freisin. Beidh réimse leathan riachtanais úsáideoirí curtha san áireamh.

Ar ndóigh, bíonn dúshláin agus rioscaí i gceist le haon phróiseas uaillmhianach mar seo agus ní mór dúinn a bheith réidh le dul i ngleic leo. Mar sin féin, gach uair a bhainfimid amach garsprioc, beimid céim amháin níos gaire do spriocanna agus idéil na hÉireann maidir le feithiclí leictreacha. Dá réir sin, beidh dul chun cinn seasta á dhéanamh againn i dtreo ár spriocanna aeráide agus, ar an gcaoi sin, ag déanamh ár gcion féin le haghaidh a thabhairt ar cheann de na dúshláin is mó atá le sárú ag an saol mór.



An Roinn Iompair
www.gov.ie/ZEVI

An Roinn Iompair
Department of Transport

zevi
Zero Emission
Vehicles Ireland